


**Rang 3 & Rang 4**
**OSPS**

# Ainmhithe Cáiliúla

**Inniu d'fhoghlaim muid gur féidir le hainmhithe a bheith ina laochra! Tá cúnamh á thabhairt ag ainmhithe do dhaoine leis na cianta!**

D'imigh ainmhithe áirithe chuig an spás fiú animals fad is gur fhan ainmithe eile ar domhan, ag cabhrú le daoine rudaí contúirteacha nó luachmhara a aimsiú leis an tsrón! Cuidíonn ainmhithe lena chéile chomh maith. An raibh fhios agat go ndeonaíonn madraí fuil do mhadraí eile, mar a dhéanann daoine? Nach deas an rud é sin.



# Tráth na gCeist

**Cén gaisce a bhain gach ainmhí thíos amach?**
**Freagraí ag bun an leathanaigh.**





## 01 Montauciel an chaora

Cén cháil a bhí ar Montauciel?

A) An chéad chaora a ghlac páirt sa Léim Ard sna Cluichí Oilimpeacha.

B) An chéad chaora le carr a thiomáint.

C) An chéad chaora a bhí i mbalún aer te.





## 02 Pickles an madra

Cad a d'aimsigh Pickles sa bhliain 1966?

A) Spáslong

B) An Corn Domhanda

C) Bealach le caifé a bhunú.





# Tráth na gCeist





**03 Ham an Simpeansaí**

Cén cháil a bhí ar Ham?

A) An chéad shimpeansaí sa spás.

B) Is é a chruthaigh na barraí moncaí a fheictear i gclóis súgartha.

C) Is é a chruthaigh an búmarang nuair a chaith sé banana uaidh a d'fhill air agus a bhuail sa chloigeann é!



**04 Cher Ami an colúr frithinge**

Cén gaisce a bhain an t-éan seo amach?


A) An chéad cholúr a d'aithin nach daoine cearta iad dealbha agur gur leithris mhaithe iad dá bhrí sin.

B) Thug sí teachtaireacht thábhachtach slán léi le linn an Chéad Chogadh Domhanda, cé gur lámhadh í, agus slánaíodh go leor daoine dá bharr.

C) An chéad cholúr a chaith slisín aráin mar ráiteas faisin.








# Tráth na gCeist

### 05 Balto an Huscaí

Céard a rinne an laoch seo de mhadra?







A) Is é a chruthaigh an Bosa-in-airde, a bhíonn á úsáid go fóill le céilúradh a dhéanamh!

B) Is é a chruthaigh lóga. Tá fhios agat staidiúir an mhadra síos? Balto atá freagrach as sin.

C) Thug sé leigheas tábhachtach chun ceann scríbe ar shleamhnán in Alaska, agus slánaíodh go leor leanaí dá bharr! Ba é Balto an ceannaire ar fhoireann madraí a rith os cionn 50 míle tríd an sneachta. Maith an madra!

# Laoch Ainmhí

**Lasaimis an tsamhlaíocht! Tá sé feicthe againn gur féidir le hainmhithe gaiscí a dhéanamh. Is deacair cuid acu a chreidiúint fiú! Cé a cheapfadh gur eitil caora i mbalún aer te, mar shampla.**



**Scríobh scéal faoi laoch ainmhí a rinne rud éigin iontach!** Is féidir na híomhánna seo a leanas a úsáid mar chlár tobsmaointe chun tú féin a spreagadh! Bailiúchan íomhánna spreagacha a bhíonn i gceist le clár tobsmaointe. Baineann go leor ealaíontóirí agus dearthóirí leas astu.


POW!
SUPER GIRL
WOW!
BANG!
BANG!


C
CAT
D
DOG
E
ELEPHANT
F
FOX
G
GIRAFFE
H
HAMSTER
I
IGUANA
J
JAGUAR
K
KOALA
LEMUR
L
M
MOUSE
N
NARWHAL
O
OPOSSUM
P
PIG
Q
QUOKKA
RACCOON
R
S
SQUIRREL
T
TIGER

# Mo Scéalsa faoi Laoch Ainmhí

# Freagraí



**Freagraí**

**1) C** Sa bhliain 1783, ba í Montauciel an chéad ainmhí talún a d'eitil nuair a cuireadh i mbalún aer te í.

**2) B** D'aimsigh Pickles an Corn Domhanda nuair a goideadh i Sasana é sa bhliain 1966. Nuair a bhuaigh Sasana an corn roinnt seachtainí ina dhiaidh sin, tugadh cuireadh do Pickles páirt a ghlacadh sa chéiliúradh!

**3) A** Cuireadh Ham chuig an spás sa bhliain 1961, deich seachtaine sular cuireadh an chéad duine chuig an spás. Ba laoch é Ham an tráth sin, ach anois deir roinnt daoine nach raibh sé cóir é a sheoladh chuig an spás.

**4) B** D'eitil Cher Ami ó réigiún cogaíochta le teachtaireacht ceangailte dá cos. De réir na teachtaireachta bhí grúpa saighdiúirí Meiriceánacha i mbaol bháis agus bhí cúnamh de dhíth orth. Lámhadh Cher Ami ach lean sí leis an eitilt gur shroich sí an ceann scríbe amach. Slánaíodh na céadta fir. Is ionann Cher Ami agus "A chara dhil" as Fraincis.

**5) A** Bhí Balto mar cheannaire ar fhoireann huscaithe in Alaska. Thug siad leigheas tábhachtach leo trí dhrochaimsir le ráig ghalair i mbaile in Alaska a chur faoi chois. Déanadh scannán faoi dar teideal Balto!